Bileog Eolais Uimh. 3
– Meán Fómhair 2022

Siúlbhealach agus Rotharbhealach Eatramhach ó Bhóthar na Siúire go Sráid Thomáis

BILEOG EOLAIS

A Chónaitheoir/Úinéir Gnólachta, a chara,

Cuirtear eolas ar fáil sa bhileog seo faoin scéim Eatramhach ó Bhóthar na Siúire go Sráid Thomáis.

CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?

1 Léargas Ginearálta ar an Tionscadal
2 Cén gá atá leis an scéim?
3 Cén tairbhí a bhaineann leis an scéim
4 Príomhghnéithe
5 Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn
6 Nuashonruithe Breise

1 LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN TIONSCADAL

Beartaíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath áiseanna feabhsaithe siúil agus rothaíochta a chur ar fail ó Bhóthar na Siúire feadh Radharc na Canálach Móire, Pháirc Líneach San Séamas, Shiúlán San Séamas, Lána Fhoirbis, Lána Mhuire Mhaith agus Chúirt San Tomás a chríochnóidh ag Sráid Thomáis. Feabhsóidh an scéim inrochtaineacht agus cuirfidh sé timpeallacht níos sábháilte ar fáil le haghaidh siúil agus rothaíochta.

Tionscadal Éireann 2040 | NTA | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

2 CÉN GÁ ATÁ LEIS AN SCÉIM?

- Rochtain níos fearr siúil agus rothar ar Ospidéal an Choim, Ospidéal Naomh Séamus agus ar na Stadanna Luas i Rialto agus Fatima
- Freastalóidh bealach na scéime go díreach ar roinnt scoileanna sa cheantar, cosúil le Scoil 'Ag Foghlaim Le Chéile' Bhealach na Canála (Canal Way Educate Together), Pobalscoil na mBráithre Críostaí Shráid San Séamas, Bunscoil San Séamas agus Mater Dei.

3 CÉN TAIRBHÍ A BHAINEANN LEIS AN SCÉIM?

- Siúlbhealach agus rotharbhealach níos sábháilte a sholáthar do chónaitheoirí agus do rothaithe fóillíochta
- Stíl mhaireachtála níos gníomhaí a éascú do dhaoine ar gach aois agus tairbhí iomadúla a chruthú don fholláine fhisiciúil agus mheabhrach
- De bharr go mbeidh níos lú gluaisteán ar an mbóthar, beidh timpeallachtaí níos sábháilte, déanfar níos lú truaillliú agus beidh astaíochtaí carbóin laghdaithe ann.

4 PRÍOMHGHNÉITHE

Radharc na Canálach Móire

Comharthaíocht agus marcáil nua bóthair le lógó rothaíochta le socrú comhroinnte rothaíochta dhá bhealach/trách dhá bhealach a thabhairt le fios feadh Radharc na Canálach Móire ón acomhal le Bóthar na Siúire go Páirc Líneach San Séamas.

Páirc Líneach San Séamas

Comharthaíocht agus lógónna nua rothar ar an gcosán feadh Pháirc Líneach San Séamas lena chur in iúl go roinnfear an cosán idir coisithe agus rothaithe. Bealach 'roinn le haire' a bheidh ann seo ar a dtabharfar tús áite do choisithe.



Taispeántar sa ghrafaic thuas an chuma a bheidh ar an rotharbhealach eatramhach feadh Pháirc Líneach San Séamas. Tabhair faoi deara, mar chuid den scéim Rothaíochta bhuan, go ndéanfar an pháirc a athfhorbairt go hiomlán ar aon dul le Máistirphlean Pháirc Líneach San Séamas.

BEALAÍ MALARTACHA SHIÚLÁN SAN SÉAMAS AGUS LÁNA FHOIRBIS

Siúlán San Séamas

Tá bealach aontreo le déanamh de Shiúlán San Séamas agus beidh an trácht go léir ag taisteal siar ó Bhóthar Mhuire go dtí acomhal an Chuarbhóthair Theas.

Beidh raon rothar dhá bhealach nua ar an taobh thuaidh de Shiúlán San Séamas (taobh an Ospidéil) ar a ndéanfar bearta deighilte éadroma idir an lána rothar agus na lánaí trách ta. Leanfaidh an trácht ag taisteal an dá bhealach ar feadh stráice gearr ar Shiúlán San Séamas idir Bóthar Mhuire agus Lána Fhoirbis.

Ní cheadófar aon pháirceáil ar an taobh thuaidh (an tOspidéal) agus laghdófar an pháirceáil ar an taobh theas anuas go dtí 26 spás.

Lána Fhoirbis

Tá bealach aontreo le déanamh de Lána Mhuire Mhaith ar a ngluaisfidh an trácht ó Lána Mhuire Mhaith i dtreo Shiúlán San Séamas. Beidh cead ag rothaithe taisteal sa dá threo. Leathnófar stráicí áirithe den chosán chun an trácht a mhoilliú.

Lána Mhuire Mhaith

Beidh lánaí rothar scartha nua ar gach taobh den bhóthar feadh Lána Mhuire Mhaith. Déanfar deighilt éadrom le rothaithe a scaradh ón trácht. Bainfear roinnt páirceála lasmuigh d'iostaí na Comhairle. Ní dhéanfar aon athruithe idir Sráid an tSamhraidh agus Sráid an Iarla Theas.

Taispeántar sa ghrafaic thuas cuid de na colbhaí rubair/mullaird agus fleisc-mhullaird feadh an rotharbhealaigh nua shealadaigh feadh Lána Mhuire Mhaith.
Íomhánna curtha ar fáil ag: httpswww.externalworksindex.co.ukentry148894Rediweld-Rubber-and-PlasticsOne-Piece-WandOrca-cycle-lane-separator

Cúirt San Tomás

Leanfaidh an trácht ag taisteal in aon treo i gCúirt San Tomás agus taistealóidh an trácht ag ó Shráid an Iarla Theas go Sráid Thomáis. Beidh cead ag rothaithe taisteal sa dá threo.

Leathnófar stráicí áirithe den chosán chun an trácht a mhoilliú. Laghdófar na spásanna páirceála i gCúirt San Tomás faoi 3 spás ar an taobh thiar de Chúirt San Tomás idir Sráid Thomáis agus Lána Hanbury.

5 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Mas mian leat tuilleadh eolais a fháil ar scéim Eatramhach Bhóthar na Siúire-Shráid Thomáis nó teagmháil a dhéanamh linn, féach na roghanna thíos, le do thoil:

https://consultation.dublincity.ie/

activetraveloffice@dublincity.ie le agus scríobh Bóthar na Siúire-Sráid Thomáis sa líne ábhair

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig an Chláir Thaistil Ghníomhaigh, Bloc 2, Urlár 7, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F

Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: 01 222 2536

6 NUASHONRUITHE BREISE

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faisnéis shoiléir, bheacht agus chruinn a chur ar fáil do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí feadh bhealach na scéime eatramhaí, ionas go gcuirfear an tionscadal i gcrích ar bhealach a dhéanann a laghad cur isteach ar chách.

Tá súil againn go raibh an t-eolas seo úsáideach duit agus, mar a leagtar amach thuas, cuirfear nuashonruithe breise ar fáil le linn sholáthar scéim Eatramhach Bhóthar na Siúire-Shráid Thomáis.